



TFC Faoi Choinne Cuimsitheachta



Department of
Education

www.deni.gov.uk

AN ROINN

Oideachais

MÁNNYSTRIE O

Lear

TFC faoi choinne Cuimsitheachta

"Faigheann páistí ardspreagadh trí úsáid TFC agus is fearr a thig linn tacú lena gcuid foghlama agus iad spreagtha. Ach is amhlaidh nach mbíonn gach duine ag foghlaim ná ag obair ar an dóigh chéanna nó ar an luas céanna; má tá sí le bheith úsáideach, ní mór go bhfaigheadh daltaí a mbeadh inniúlachtaí fisiceacha agus céadfacha éagsúla acu mar aon le réimse leathan de stíleanna foghlama, tacaíocht ón teicneolaíocht."

NOF ICTS Modúl 2

Is fearr is féidir le múinteoirí freastal ar riachtanais foghlama gach páiste nuair a bhíonn a fhios acu an dóigh le bogearraí fóirsteanacha agus teicneolaíocht oiriúnaitheach a chur ar fáil.

Le tabhairt faoin chuimsitheacht, is tábhachtach go gcuirfí am ar fáil ar an ríomhaire mar bhunchuid de ghnáthlá an pháiste. B'fhéarr seo ná am a shaothrú mar dhuais ar son dea-iompair. Is iontach na buntáistí atá le fáil nuair a chuidíonn an teicneolaíocht le páiste aird a dhíriú agus foghlaim a dhéanamh. Seo thíos roinnt smaointe le múinteoirí a threorú maidir le húsáid TFC chun críche na cuimsitheachta.

Sa chaibidil seo, díreofar ar 5 réimse

1. Teicneolaíocht oiriúnaitheach
2. TFC sa churaclam faoi choinne Cuimsitheachta
3. Fócas ar an soláthar do scoileanna Thuaisceart Éireann trí My School, Fronter agus EQUJELLA
4. Breisfhorbairt Ghairmiúil
5. Suíomhanna Gréasáin Curaclaim

1. Teicneolaíocht Oiriúnaitheach/Assistive Technology (AT)

Tig le duine ar bith a mbeadh sainriachtanas oideachais nó míchumas aige nó aici, rud a d'fhágfadh an 'ghnáthúsáid' deacair, AT a úsáid. Is minic fosta a d'úsáidfeadh daoine é mar go bhfágann sé úsáid an ríomhaire níos fusa nó níos compordaí.

Tá de fhreagracht ar gach scoil freastal ar riachtanais inrochtaineachta a cuid daltaí. Is amhlaidh go bhfuil polasaí ag an Bhord Oideachais agus Leabharlann maidir le Teicneolaíocht Oiriúnaitheach do Dhaltaí le Sainriachtanais Oideachais. Is féidir breis eolais ó fháil ón Bhord.

Ligeann na socruithe **inrochtaineachta** ar an ríomhaire duit coigeartuithe bunúsacha a dhéanamh m.sh. pointeoir luchóige agus luas, codarsnacht, brúnna méarchláir. **Is féidir tosú ar athruithe a dhéanamh trí dhul chuig Gach Ríomhchlár – Roghanna Inrochtaineachta.**

Méarchláir Tá méarchláir mhóra, eochracha ildathacha, sciatha eochracha, méarchláir neamhchaighdeánacha lena n-áirítear méarchláir aon láimhe, uilig ar fáil. De bhreis air seo, is féidir méarchlár ar an scáileán a fháil.

Luchóg Cad é ba cheart a dhéanamh mura féidir le dalta luchóg chaighdeánach a úsáid? Ba cheart liathróid rollóra, ceap tadhaill nó luamhán stiúrtha a thriail. Is féidir cúrsóirí móra a íoslódáil ó Ace Centre – cuardaigh pointeoirí móra ag www.ace-centre.org.uk.

Is féidir **scáileáin tadhaill** a úsáid le páistí atá ag céim luath forbartha nó le daoine a bhfuil deacrachtaí fisiceacha acu. B'fhiú breithniú ar scáileáin tadhaill a úsáid le foghlaimoirí nach dtig leo luchóg a láimhseáil ar chúiseanna fisiceacha nó cognaíocha. M.sh. Is féidir réimse díobh seo a bhreathnú ag Inclusive Technology <http://snipurl.com/1ysqnb>.

Bíonn **gléasanna taibléid** iomasach, baintear spraoi astu agus bítear ag cur i rith ama leis an éagsúlacht d'fheidhmchláir oideachasúla atáthar a fhorbairt faoina gcoinne. Is fiú smaoinemh ar cé acu a bheas nó nach mbeidh ar an pháiste an dóigh le luchóg a úsáid a fhoghlaim nó d'fhéadfadh sé go gcuirfeadh úsáid an scáileáin tadhaill moill ar fhorbairt na scileanna luchóige. Ar shampla díobh seo, bheadh: Inclusive Slate, iPad, iPod Touch, Samsung Galaxy, Kindle agus lear gléasanna taibléid eile. Táthar ag dúil le go mbeifear in ann gléasanna pearsanta a cheangal den idirlíon trí ghréasán na scoile.

Ionchur Malartach Bogearraí Caint go Téacs m.sh. is féidir, le Dragon Speaking Naturally, Windows 7 agus Windows Vista, téacs a ionchur trí

labhairt isteach i ngléas cinn. Ní mór na bogearraí 'a thraenáil' le do ghuth a aithint agus bíonn gá le leibhéal áirithe líofachta agus ábaltachta mar aon le dianseasmhacht.

Is fiú bheith meabhrach go mbeidh daltaí ann nach mbeidh ag iarraidh aird a tharraingt orthu féin trí na bogearraí seo a úsáid sa rang. Is féidir níos mó sonraí a fháil ag CallScotland <http://snipurl.com/1ytuam>

Aschur Cainte Tá roinnt mhaith ríomhchlár ann atá cumasaithe faoi choinne aiseolas cainte agus a bheadh úsáideach ag úsáideoirí le disléicse nó deacrachtaí cognaíocha m.sh. Texthelp Read and Write, Textease, Clicker5, WriteOnline, Writing with Symbols agus an tsraith Communicate ó Widgit.

Is é atá in Aipeanna Inrochtaineachta (saor in aisce) ná níos mó ná 60 feidhmchlár foinse oscailte nó saorearraí faoi choinne Windows ar féidir iad a lainseáil ó bhata USB. Is féidir, leis na bogearraí seo, cúlra an scáileáin a athrú leis an dalladh a laghdú, téacs a léamh os ard, socruithe scáileáin a choigeartú srl. Ba cheart go mbeadh daltaí in ann na bogearraí seo a rith ar ríomhaire glúine ar bith de chuid C2k má tá cearta úsáideoir pribhléide acu nó ar ríomhaire pearsanta ar bith. Ó rsc-ne-scotland.ac.uk. <http://snipurl.com/1ytuvl>.

Lagú Amhairc

Tá roinnt eochair-ríomhchlár ann a chuireann ar chumas úsáideoirí a bhfuil lagú amhairc acu rochtain a bheith acu ar ríomhairí agus ar an idirlíon.

- **Zoomtext:** Feiceann tú agus cluineann tú gach rud ar do scáileán.
- **Kurzweil:** cuireann sé seo téacs clóite agus leictreonach ar fáil ar an ríomhaire trí scanóir a bhíonn ceangailte den ríomhaire.
- **Jaws:** is léitheoir scáileáin é seo d'úsáideoirí dalla ríomhaire. Tugann sé rochtain ar fheidhmchláir bogearraí agus ar an idirlíon. Tá sintéiseoir inmheánach ag Jaws agus léann sé os ard faisnéis ón scáileán lena n-áirítear roghchláir córais.

- Tá na 3 theideal seo ar fáil d'úsáideoirí scoile C2k faoin chluaisín "Tools" laistigh den réimse My Apps de My School.
- Mar mhalairt orthu seo, úsáideann roinnt scoileanna Supernova faoi choinne formhádú scáileáin, tacaíocht cainte agus tacaíocht Braille.

Cuimsítear, faoi théarmaí tagartha Bhunáit Acmhainní Lagú Amhairc TÉ ag Ionad Dhún Liam, bheith ag tacú leis na Boird le háiseanna a fhorbairt i bhformáidí iomchuí d'fhonn rochtain ar ábhair curaclaim a éascú do dhaoine óga a bhfuil lagú amhairc acu. Is féidir breis eolais a fháil ón mhúinteoir tacaíocht lagú amhairc áitiúil.

Suíomhanna gréasáin faoi choinne Inrochtaineachta:

- Ability Net www.abilitynet.org.uk: Amharc ar an LHS den suíomh gréasáin mar a bhfaighidh tú roinnt samplaí de threalamh a mbaintear úsáid as go coitianta i gcás fadhbanna fisiceacha, céadfacha agus léitheoireachta agus scríbhneoireachta.
- Ace Centre <http://www.ace-centre.org.uk/index.cfm>: Cuardaigh Introduction to Software
- Inclusive Technology www.inclusive.co.uk/articles/
- Accessibility for All: <http://www.rogerdarlington.co.uk/specialneeds.html>
- Better Living through Technology <http://www.bltt.org/>

2. TFC sa Churaclam

Is féidir, le teicneolaíocht, deiseanna foghlama spreagúla ilmheán idirghníomhacha a sholáthar do pháistí sa rang s'agat, go háirithe na páistí sin a bhfuil tacaíocht bhreise de dhíth orthu lena gcuid foghlama. Fóireann an t-aiseolas físeach agus éisteachta, mar aon leis an deis le scileanna a neadú trí athrá, go maith d'fhoghlaimoírí sainriachtanas lena n-áirítear daoine atá ar Speictream an Uathachais.

Is minic coigeartuithe agus socruithe inrochtaineachta ar fáil sna roghchláir rialaithe cúlra i roinnt mhaith feidhmchláir oideachasúla. M.sh. tá roghchlár folaithe do mhúinteoirí ar fáil i mbogearraí Blackcat a dtig teacht air trí CTRL T a bhrú.

D'fhéadfadh sé go mbeadh tacaíocht cainte de dhíth ar fhoghlaimoirí a bhfuil disléicse orthu i ngníomhaíochtaí litearthachta m.sh. leabhair chainte, cluichí agus gníomhaíochtaí litrithe agus fónaice; cuidíonn próiseálaithe focal cainte agus bunachair focal ar an scáileán trí athrá éisteachta téacs a sholáthar le tacú le lagscileanna cuimhne agus d'fhonn an fhoghlaim neamhspleách a mhéadú.

Bogearraí Téacs go Caint le téacs a léamh ó fhoinsé ar bith m.sh. Read and Write Gold, Textease, Clicker5, Writing with Symbols.

Léifidh **Próiseálaithe Focal Cainte**, d'úsáideoirí a bhfuil lagú amhairc orthu, idir orduithe ríomhaire agus aon téacs atá scríofa ar an scáileán m.sh. Jaws, Zoomtext.

Leabhair Chainte: <http://www.listening-books.org.uk>; Is féidir Clicker5 agus Microsoft PowerPoint a úsáid le leabhair chainte a chruthú. Is féidir iad seo a úsáid chomh maith le scéalta sóisialta a chruthú <http://snipurl.com/1ysr0o> [www.thegraycenter.org]

Cluichí fónaice agus litrithe le fuaim – tá an iliomad acu seo ann m.sh. Wordshark, Numbershark.

Is ríomhchláir iad na bunachair focal ar an scáileán a léiríonn stór focal ar an scáileán agus, in amanna, tuarthéacs msh. Clicker5, Textease, Texthelp Read and Write.

Is barra uirlisí é **Wordbar** a oibríonn in éineacht le próiseálaí focal. Is é atá i gceist leis ná greillí inegarthaíochta d'fhocail a dtig leat cliceáil orthu le haiseolas cainte a fháil agus is féidir ansin na focail a chur isteach sa doiciméad.

WriteOnline an t-ainm atá ar an leagan ar líne a thig le scoileanna a fháil ar cheadúnas bliantúil.

Soláthraíonn Clicker5 réimse de ghreillí agus de roghanna leabhar cainte. Is féidir greillí de do chuid féin a dhéanamh, íomhánna a chur isteach, fuaim a thaifeadh lena cur isteach ar an leathanach agus do chuid ábhar féin a chruthú do do dhaltáí. Is féidir clárú saor in aisce agus na céadta de ghreillí breise curaclaim a íoslódáil ó <http://www.learninggrids.com>. (Do Bhunscoileanna, den chuid is mó.)

Meabhairmhapaíil

Úsáidtear eochairfhocal sna meabhairmhapaí seo, arna gcruthú ag Tony Buzan (<http://www.thinkbuzan.com>) le leideanna a thabhairt d'fhonn cuimhne agus comhcheangal focal a spreagadh, mar aon le húsáid dathanna agus íomhánna. D'fhéadfaí go dtabharfadh siad seo dóigh níos fearr do dhaoine le faisnéis a chur in eagar agus a asamhlú, lena n-áirítear daoine a bhfuil disléicse orthu. <http://snipurl.com/1y5o1o>

Úsáideann daoine Meabhairmhapaí faoi choinne

- **Pleanáil** – tionscadail, aistí
- **Eagrúchán** – liostaí siopadóireachta, pleananna laethúla
- **Breacadh nótaí** – nótaí léachta, smaointe a bhreacadh síos
- **Staidéar** – athbhreithniú agus dul siar a dhéanamh

Tá uirlisí digiteacha Meabhairmhapála ar fáil saor in aisce agus lena gceannach. Seo rogha díobh, nach bhfuil in aon ord ar leith:

- Bolgáin smaointe ar líne, www.bubbl.us - tá an leagan bunúsach saor in aisce.
- Freemind
- Mindfull
- CMaps (ar C2k in iar-bhunscoileanna)
- Kidspiration

- Inspiration
- Mindjet

Teicneolaíochtaí Úra

D'fhéadfadh sé go mbeadh scoileanna ag iarraidh tuismitheoirí a spreagadh le tacú lena gcuid páistí trí ghléasanna tadhaill pearsanta iniompartha a thabhairt dóibh. Is féidir iad seo a úsáid, mar shampla, le tacú le dalta ar speictream an uathachais trí sceideal físeach iniompartha a sholáthar. Is féidir iad a úsáid mar mhalairt ar BigMac agus is féidir aipeanna spraiúla oideachasúla a shuiteáil orthu.

Ar shamplaí díobh seo bheadh iPod, iPad, Nintendo DS (ar ar féidir físeán a thaifeadadh), táibléid bunaithe ar chóras Android m.sh. Samsung Galaxy Tab, Wii (maith faoi choinne comhordaithe agus forbairt fhisiceach, Brain Gym, díriú airde, glacadh sealanna, scileanna sóisialta agus saoil). Tá an teicneolaíocht shoghluaiste seo, a bhfuil roinnt mhaith daltaí cleachta léi cheana, sultmhar spreagúil! Is fiú coimhead amach faoi choinne gléasanna nua nó tá an teicneolaíocht seo á forbairt go pras.

Cruthaitheacht trí ilmheán

Is fiú breithniú ar uirlisí ilmheán a úsáid a spreagann na céadfaí. Spreagtar roinnt mhaith páistí a bhfuil deacrachtaí foghlama acu le gníomhaíochtaí ilchéadfacha m.sh. íomhá ghluaisteach, fuaim agus idirghníomhaíocht.

Cad é atá agat cheana sa seomra ranga a tharraingeodh aird agus a spreagfadh daltaí?

- Is féidir fianaise a thaifeadadh le ceamara digiteach, trí ghrianghraf a ghlacfadh an páiste, gan aon ghá le míniúchán scríofa - nó, mar a deirtear, gheofá an léargas céanna le pictiúr is a gheofá le míle focal!

- Taifeadán gutha – taifeadán beag láimhe, seinnteoir mp3, iPod nó micreafón USB. Bheadh gach ceann acu seo ar dóigh le taifid gutha a ghabháil agus le podchraoladh a dhéanamh.
- Is fiú breithniú ar fhíscemara a úsáid. Is foinse spreagtha é agus forbraíonn sé scileanna cumarsáide, pleanála agus comhoibrithe.

B'fhéidir gurbh fhiú breithniú ar fhíscemara Flip le bogearraí FlipShare. Tá físcemaraí USB cosúla eile ann lenar féidir an físeán a ghabhann tú a íoslódáil go furasta chuig an ríomhaire trí USB m.sh. Digital Movie Creator.

Tosaitheoirí sa réimse seo? Is féidir físeáin ghearra a thairfeadh le roinnt mhaith ceamaraí socra digiteacha, cé nach féidir fuaim a ghabháil leo uilig. B'intreoir neamhchostasach é seo do na daltaí s'agat ar fhíseáin a scannánú. Úsáid Movie Maker (PC) nó iMovie (Mac) le heagarthóireacht a dhéanamh.

Na buntáistí a thagann le húsáid na n-ilmheán faoi choinne cruthaitheachta

- Coimhcad ar dhaltai Bhliain 10 ag labhairt Spáinnise ag boxoftricks.net
<http://snipurl.com/1ytpq6>
- Is féidir uirlisí den scoth faoi choinne na cruthaitheachta digítí a fháil ó helenabutterfield.net
<http://snipurl.com/1ytrdh>
- Sampla den phodchraoladh: <http://www.teachers.tv/videos/podcasting-in-the-classroom>. Féach chomh maith Cuid 3.

3. Ceisteanna a bhaineann go sainsiúil le scoileanna Thuaisceart Éireann

Bogearraí Cuimsitheachta ar fáil ar an ghréasán áitiúil C2k i scoileanna.

Is féidir sonraí breise a fháil sa Software Zone ar <https://c2kexchange.net>.

- Texthelp! Read and Write
- Clicker5
- Writing with Symbols
- Wordbar (iar-bhunscolaíocht)
- Zoomtext
- Kurzweil
- Jaws

Ceadaítear gléasanna pearsanta agus gléasanna eile neamh-C2k a cheangal den Aoi-Ghréasán Gan Sreang de chuid C2k agus rochtain idirlín a fháil. Clúdaíonn sé seo táibléid agus gléasanna pearsanta soghluaiste mar aon le ríomhairí glúine. Is féidir níos mó sonraí a fháil ar Leathán Faisnéise EN021. De bhreis air seo, tig le scoileanna ríomhairí Windows agus Mac a cheangal den ghréasán C2k trí chábla chuig pointe beo gréasáin. Tá san áireamh sa tseirbhís dheireanach sin a luadh suiteáil bogearraí frithviris agus tá sí ar fáil mar rogha i gcatalóg na seirbhísí bainistithe. (www.c2keducat.net).

Cuidíonn Bogearraí Bainistithe Faisnéis Scoile MIS leis na rudaí seo a leanas:

- Sonraíocht Daltaí le Sainriachtanais Oideachais a bhainistiú
- An Clár Sainriachtanas a choinneáil chun dáta
- Athbhreithnithe Sainriachtanas a bhainistiú agus a rianú
- Taifead a choinneáil den tsoláthar do dhaltaí le Sainriachtanais Oideachais

- Doiciméid Sainriachtanas a nascadh de thaifead an dalta
- Taifead a choinneáil de Ghníomhaithe agus de Ghníomhaireachtaí a mbíonn baint acu leis an dalta
- Is féidir, in SIMS.net, anailís a dhéanamh ar dhul chun cinn trí Assessment Manager a úsáid agus is féidir taifead a choinneáil de cheisteanna iompair ar bith.
- Déan teagmháil leis an fhoireann C2k áitiúil le breis eolais a fháil (nó cuardaigh Sainriachtanais Oideachais/SEN in C2kexchange)

3a. Fronter an t-ainm atá ar an ardán réigiúnach foghlama do scoileanna Thuaisceart Éireann – timpeallacht shlán ar líne

Trí Sheomra Cúrsa a chur ar bun don rang s'agat, is féidir:-

- Naisc agus áiseanna idirghníomhacha a chur ar fáil le go dtig le daltaí teacht orthu in am ar bith agus in áit ar bith.
- Leibhéil inspreagtha a fheabhsú; dul i bhfeidhm ar gach dalta; grúpfhillteáin oiriúnaithe a chruthú do do rang (agus do ranganna eile) le foghlaim fhócasaithe agus le comhoibriú a éascú.
- Doiciméid Fronter a uaslódáil faoi choinne oibriú comhoibritheach. Is féidir vicithe nó blaganna a chruthú, rud ar spreagadh mór é do dhaltaí - modh cumarsáide na nua-aoise!
- Is féidir fillteán a chruthú a dtig le daltaí a gcuid obair baile a uaslódáil chuige.
- Páiste as láthair? Is féidir obair a chur ar fáil i seomra an chúrsa a mbeidh rochtain 24 uair an chloig ag an pháiste uirthi.
- Is féidir breis eolais a fháil ach teagmháil a dhéanamh le foireann Churaclaim C2k. 028 90474000.

De bhreis air seo, bíonn rochtain agat ar ábhair cheadúnaithe agus ar áiseanna eile:

- **EQUELLA:** tá na mílte áiseanna ar fáil i gcomhadlann Churaclam TÉ a thig le daltaí a chuardach go sábháilte. Tá comhadlann foirne ar fáil chomh maith. Tig le múinteoirí áiseanna a fhoilsiú lena roinnt le daoine eile.

Tá ábhar fise ar fáil chomh maith ar EQUELLA.

- **Deasc Nuachta My School:** suíomh nuachta laethúil ar líne ar a mbíonn gnéscéalta, nasctha leis an churaclam, a ghabhann aird daltaí. Is féidir rochtain a fháil air trí théacs nó trí phodchraoladh. Is féidir freagraí a chur isteach trí Have Your Say nó Be a Reporter. Tá sé fóirsteanach d'EC2 agus EC3 lena n-áirítear foghlaimeoirí a bhfuil sainriachtanais oideachais acu.

- **Video on Demand** (ar fáil i ngach scoil, trí My School faoi láthair). An bhfuil a fhios agat go mbeidh tú in ann teacht ar fhíseáin shaora oideachasúla, mar a bheadh YouTube ann, trí EQUELLA?

Gheobhaidh tú físeáin, rangaithe faoi Bhunscolaíocht, Iar-bhunscolaíocht, Speisialta agus Forbairt Foirne.

M.sh. cuardaigh faoi Fhorbairt Foirne le físeáin maidir le bainistiú iompair a aimsiú.

Is féidir le daoine fásta físeáin a fhoilsiú agus fásfaidh an réimse seo de réir mar a chuirfeas pobal TÉ níos mó ábhar leis. D'fhéadfá físthionscadal ranga a chruthú agus é a fhoilsiú anseo. Má aimsíonn tú físeáin úsáideacha is féidir iad a fhoilsiú anseo (fad is go bhfuil cead agat).

- Is uirlis thábhachtach úsáideach é an **Seomra Ranga Fíorúil, Elluminate, (físchomhdháil)** atá ar fáil do gach scoil tríd an tseirbhís C2k, le teagasc agus foghlaim a fheabhsú. Is féidir é a úsáid lena chur ar chumas scoileanna bheith rannpháirteach

in imeachtaí oideachasúla, nasc a dhéanamh le múinteoir eile faoi choinne roinnt ceachtanna, mar aon le teagasc agus tacaíocht tréadchúraim a chur ar fáil do dhaltaí lasmuigh de shuíomhanna scoile príomhshrutha. Bíonn aiseolas amhairc, agus ó chluas, úsáideach go háirithe ag páistí a bhfuil sainriachtanais oideachais acu. Is féidir fanacht i dteagmháil, tríd an fhíschomhdháil, le seomra cúrsa Frontier.

Is féidir níos mó eolais a chur ar an fhíschomhdháil i Zón na físchomhdhála ar Mhalartán C2k <https://www.c2kexchange.net/videocomms/default.aspx>

4. Breisfhorbairt Ghairmiúil

- **Tá an Lámhleabhar Tógála Acmhainneachta** mar aon le hábhair forbairth ghairmiúil eile ar fáil i bhformáid dhigiteach ó EQUELLA/Staff library/Capacity Building for Inclusion.
- Is féidir cuardach a dhéanamh de réir fothopaice faoi choinne ábhair ar leith.
- An dóigh le cuidiú le **páiste ag a bhfuil Lagú Amhairc** ón Inclusive Consortium Training Syndicate. Clliceáil thíos leis an dóigh ar féidir TFC bhunúsach a úsáid le cuidiú le daltaí a bhfuil lagú amhairc acu a fhoghlaim. I mbunús na gcásanna, beidh na daltaí ag leanúint an churaclaim cheannann chéanna lena bpiaraí, ach beidh orthu úsáid bhreise a bhaint as an teicneolaíocht. <http://snipurl.com/1xtjo9>
- **Pléitear, san aonad Lagú Amhairc seo, le meáin dhifriúla** (físeach, éistitheach agus tadhaill) agus le teicneolaíochtaí difriúla a thig le daltaí a úsáid faoi choinne staidéar neamhspleách. Ón Inclusive Consortium Training Syndicate. <http://snipurl.com/1xtk2n>
- **RNIB faoi choinne scoileanna príomhshrutha:** soláthraíonn siad tacaíocht agus comhairle do mhúinteoirí bunaithe ar

shamplaí fíorshaoil, lena n-áirítear luathbhlianta, forbairt scileanna sóisialta, ábhair churaclaim agus taighde.

<http://snipurl.com/1xtbgw>

- **Aonaid Oiliúna faoi choinne múinteoirí géardheacrachtaí foghlama** de chuid an Inclusive Consortium Training Syndicate – scríobhadh é sa bhliain 2000. Tá an t-ábhar ginearálta ar dóigh, áfach, agus gheobhaidh múinteoir ar bith a bhfuil dalta aige/aici le géardheacrachtaí faisnéis agus eolas. Is fiú go mór é a fhiosrú!
<http://snipurl.com/1xt0sa>

D'fhéadfadh sé go mbeadh na cláir seo a leanas ar fáil in EQUELLA Staff Library>Capacity Building for Inclusion. Cuirfidh RO gach scoil ar an eolas nuair a bheas na hábhair ar fáil. San idirlinn, is féidir teacht orthu trí Straitéisí Náisiúnta.

Dearadh **Clár Forbartha Cuimsitheachta**, <http://snipurl.com/1xt0ws> ó National Strategies DCSF, Sasana, le méadú ar mhuintín agus ar shaineolas na geleachtóirí príomhshrutha agus iad ag plé le leibhéal ard Sainriachtanais Oideachais i suíomhanna agus i scoileanna príomhshrutha.

Gheobhaidh tú anseo áiseanna teagaisc agus foghlama, ábhair oiliúna, treoir ar straitéisí éifeachtacha seomra ranga, samplaí den dea-chleachtas d'fhoirne ildisciplíneacha, faisnéis ar fhoinsí óna bhfaighidh tú comhairle níos sainiúla.

Tá sé saor in aisce clárú leis na modúil mhachnamhacha féinstaidéir seo:

- ▶ Disléicse agus riachtanais urlabhra, teanga agus cumarsáide (SLCN). <http://snipurl.com/1xt306>
- ▶ Tacú le daltaí ar speictream an uathachais. <http://snipurl.com/1xt3cr>
- ▶ Clár Luathbhlianta, Tacú le páistí ar speictream an uathachais. <http://snipurl.com/1xt3ll>
- ▶ Cliceáil anseo le hinnéacs na modúil ríomhfhoghlama ar fad a fháil <http://snipurl.com/1xtaia>

- Tabhair cuairt ar an **IRIS Center** (maoinithe ag Roinn Oideachais na Stát Aontaithe – Oifig na gClár Sainriachtanais Oideachais). Is féidir roinnt mhaith áiseanna saora idirghníomhacha ar líne a aimsiú lena n-aistrítear an taighde ar oideachas daltaí faoi mhíchumas go cleachtas. Clúdaíonn na hábhair seo réimse leathan de thopaicí fianaise-bhunaithe, lena n-áirítear iompar, straitéisí foghlama agus monatóireacht ar dhul chun cinn. www.iriscenter.com Cliceáil ar Resources d'fhonn na modúil a aimsiú.

5. Suíomhanna Gréasáin Curaclaim (rogha díobh)

- Curaclam TÉ – aimsigh ábhair agus áiseanna le tacú le deacrachtaí foghlama meánacha agus le géardheacrachtaí foghlama <http://snipurl.com/1xt235> (www.nicurriculum.org.uk)
- NFGL Cymru: Roghnaigh eochairchéim agus ábhar le brabhsáil trí na háiseanna atá ar fáil <http://snipurl.com/1xt2dv>
- BBC Dancemat: teagascóir clóscríbhneoireachta do pháistí bunscoile. Úsáid é le do luas clóscríbhneoireachta a fheabhsú agus amharc ar an scáileán agus tú ag clóscríobh – cuidíonn sé le litriú <http://www.bbc.co.uk/school/typing>
- Leabharmhairc sainriachtanas in diigo: á nuashonrú ar bhonn rialta <http://snipurl.com/1y8eoj>
- Naisc chuig suíomhanna úsáideacha sainriachtanais oideachais eile ó Scoil Greenside in Hertfordshire <http://snipurl.com/1xt1pc>
- Is ionann Doorway Online agus bailiúchán de ghníomhaíochtaí foghlama saor in aisce a forbraíodh le maoiniú ón Scottish Borders Council. Cuimsíonn an bailiúchán gníomhaíochtaí

Comhad Acmhainní Sainriachtanais Oideachais
TFC FAOI CHOINNE CUIMSITHEACHTA

oideachasúla so-úsáidte a mbeidh sé furasta ag foghlaimoirí iad a úsáid go neamhspleách.

<http://www.doorwayonline.org.uk/>

- Roth dathanna na Mothúchán ó Do2learn.
<http://snipurl.com/1xt1be>
- Cluichí oideachasúla ó Woodlands Junior School Kent:
<http://snipurl.com/1xt1k3>
- Tá áiseanna teagaisc agus foghlama saor ó chostas faoi choinne daltaí a bhfuil sainriachtanais oideachais agus deacrachtaí foghlama acu ar fáil ó SEN Teacher.
<http://www.senteacher.org/>

Buíochas

Mrs Norma Perceval-Price